

An Clár Náisiúnta Athluachála



Is ionann athluacháil agus an próiseas trína ndéantar gach réadmhaoin inrátáilte i gceantar údaráis áitiúil a luacháil ag an am céanna, faoi threoir an dáta luachála céanna. Da bharr sin dáileadh níos cothroime ar rátaí tráchtála i measc íocóirí rátaí.

Mar thoradh ar athluacháil le déanaí i limistéar údaráis áitiúil eile, laghdaíodh rátaí d'fhormhór na n-íocóirí rátaí.

Athluacháil 2023 is ainm do thionscadail chumaiscthe Athluacháil 2021 agus Athluacháil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a cuireadh siar sa bhliain 2021 chun go bhféadfaí an tionchar a bhí ag COVID-19 ar mhargadh na maoine tráchtála a léiriú san athluacháil.

Is é an 1 Feabhra 2022, an dáta luachála a shonraítear d'**Athluacháil 2023**. Tá anailís déanta anois ar an eolas faoin margadh agus eiseoidh an Oifig Luachála **Deimhnithe Luachála Beartaithe** chuig gach Áititheoir ar an 23 Meán Fómhair, 2022.

Déan an Deimhniú Luachála Beartaithe faoi iamh a athbhreithniú. Mura bhfuil tú sásta leis an luacháil bheartaithe nó leis na sonraí ar do dheimhniú, ba chóir duit athbhreithniú a iarraidh faoin 1 Samhain, 2022.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.valoff.ie

Torthaí Athluachála Déanaí




66.74%
Dliteanas Rátaí
Laghdaithe




30.14%
Dliteanas Rátaí
Méadaithe



3.12%
Dliteanas Rátaí
Gan Athrú



Eisítear Deimhniú Luachála Beartaithe (DLB)



Déanfar iarratais ar athbhreithniú a bhreithniú agus déanfar athrú ar bith sula n-eiseofar na Deimhnithe Luachála Deiridh sa bhliain 2023.



Oifig Luachála
Valuation Office

Tacaíocht d'íocóirí rátaí:

Do dhliteanas rátaí measta a ríomh.

Ceist: Cad a tharlaíonn do mo luacháil le linn an phróisis athluachála?
Freagra: Cuirtear luacháil nua cothrom le dáta a léiríonn luachanna nua-aimseartha in ionad do luachála. Ag an am céanna, athraíonn an ráta luachála bliantúil (ARV) a úsáideann d'Údarás Áitiúil chun do bhíll rátaí a ríomh.

Ceist: An ionann luacháil mo mhaoine agus mo dhliteanas rátaí?
Freagra: Ní dhliteanas rátaí do luacháil. Ríomhfar do dhliteanas rátaí trí luacháil na maoine, arna socrú ag an Oifig Luachála, a iolrú faoin Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) a shocróidh d'Údarás Áitiúil.

$$\text{Dlíteanas Rátaí} = \text{Luacháil} \times \text{ARV}$$

Mar shampla: Ba é seo an toradh ar réadmhaoín amháin i gceantar Údarás Áitiúil a ndearnadh athluacháil air don chéad uair:

	Luacháil na maoine (Socraithe ag an Oifig Luachála)	Ráta bliantúil ar Luacháil (Socraithe ag an Údarás Áitiúil)	Ríomh	Dlíteanas rátaí bliantúla
Roimh Athluacháil	€31.74	72.04	€31.74 x 72.04 = €2,286.55	€2,286.55
Tar éis Athluacháil	€9,960.00	0.2170	€9,960.00 x 0.2170 = €2,161.32	€2,161.32

Nóta: Mar a fheiceann tú, léiríonn an Luacháil (socraithe ag an Oifig Luachála) tar éis na hathluachála luachanna nua-aimseartha anois agus tá an ARV (socraithe ag an Údarás Áitiúil) coigeartaithe dá réir.

Déan tagairt le do thoil do shuíomh Gréasáin d'Údarás Áitiúil le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin ARV tascach nó úsáid an t-áireamhán ag www.valoff.ie chun do dhliteanas rátaí tascacha a mheas bunaithe ar an luacháil atá beartaithe.



Buail le Luachálaí sa Chlinic Siúil Isteach le plé a dhéanamh.

Sonraí ag: www.valoff.ie

Tá tuilleadh tacaíochta Rátaí ar fáil ag:

R-phost: reval2023@valoff.ie

Guthán: 01 584 6753

Láithreán Gréasáin: www.valoff.ie



Oifig Luachála
Valuation Office